Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14189/25

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0455(COD)**

CODEC 1564
ENV 1045
CHIMIE 114
FOOD 88
SAN 643
AGRI 505
MI 794
RECH 452
COMPET 1033
PE 73

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 20 go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla le haghaidh nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d’fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), Antonio DECARO (S&D, IT), leasú comhréitigh (leasú uimhir 20) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann ENVI, a raibh Dimitris TSIODRAS (EPP, EL) tar éis dréacht-tuarascáil a ullmhú ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 21 Deireadh Fómhair 2025, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 20) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**

**(21/10/2025)**

## P10_TA(2025)0237

## Athshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú (COM(2023)0783 – C9-0447/2023 – 2023/0455(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0783),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0447/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Márta 2024[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 25 Meitheamh 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (A10-0020/2025),

---

[1] IO C, C/2024/3381, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3381/oj.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é[2];

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[2] Tá an seasamh seo ag gabháil in ionad na leasuithe a glacadh an 1 Aibreán 2025 (Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0047).

**P10_TC1-COD(2023)0455**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 21 Deireadh Fómhair 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 43, 114, 168(4), pointe (c), 192(1) agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C, C/2024/3381, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3381/oj.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ard-uaillmhianta chun an t-aistriú i dtreo timpeallacht atá saor ó thocsainí agus truailliú nialasach a chumasú. Is céim ríthábhachtach í an straitéis a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal '*Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment'* [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] i dtreo an truailliú nialasach a bhaint amach agus tugtar isteach léi an cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin', arb é is aidhm dó feabhas a chur ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht measúnuithe sábháilteachta ar cheimiceáin ar fud ghníomhartha dlí an Aontais.

(2) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá obair eolaíoch agus theicniúil ar cheimiceáin a dhéantar ar leibhéal an Aontais chun tacú le gníomhartha dlí an Aontais sa réimse seo a chomhdhlúthú i ngníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus ba cheart oibleagáidí ar ghníomhaireachtaí an Aontais chun dul i gcomhar le chéile a thabhairt isteach chun modheolaíochtaí measúnaithe a fhorbairt agus chun sonraí agus faisnéis a mhalartú. Leis sin, dhéanfaí an creat atá ann faoi láthair a shimpliú, chuirfí feabhas ar cháilíocht agus ar chomhleanúnachas na measúnuithe sábháilteachta ar fud ghníomhartha dlí an Aontais agus d'áiritheofaí go mbainfí úsáid níos éifeachtúla as na hacmhainní atá ann cheana.

(3) Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar ghníomhartha dlí an Aontais, moladh cúraimí eolaíocha agus teicniúla áirithe atá ann cheana a athshannadh don ghníomhaireacht iomchuí de chuid an Aontais, chomh maith le cúraimí atá go hiomlán nua a shannadh. Foráiltear sa Rialachán seo do chúraimí eile, a bhforáiltear dóibh faoi ghníomhartha dlí an Aontais nach bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair, atá le hath-leithdháileadh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chun tairbhe a bhaint as a saineolas agus a cumais maidir le measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' chun a áirithiú go ndéanfaidh an ghníomhaireacht iomchuí de chuid an Aontais obair theicniúil agus eolaíoch, agus tairbhe á baint aici as taithí léirithe agus as uirlisí seanbhunaithe ina réimse. Ba cheart an Rialachán seo a ghlacadh an tráth céanna le Treoir lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], arb é is aidhm di na cuspóirí céanna a bhaint amach.

(4) Mar chuid de chur chun feidhme an chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin', tugadh forálacha isteach i dtogra le haghaidh Rialachán lena leasaítear reachtaíocht chógaisíochta an Aontais chun sainordú a thabhairt don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach forbairt agus comhoibriú a dhéanamh ar an bhforbairt ar mhodheolaíochtaí measúnaithe, ar fhormáidí caighdeánacha agus ar fhoclóirí rialaithe agus chun sonraí agus faisnéis faoi cheimiceáin a mhalartú, chomh maith le foráil a dhéanamh do nósanna imeachta nua chun comhsheasmhacht idir tuairimí eolaíocha a áirithiú.

---

3 Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/65/oj).

(5) Chun comhsheasmhacht na modheolaíochtaí le haghaidh measúnuithe a bhaineann le ceimiceáin ar leibhéal an Aontais a áirithiú, ba cheart sainordú coibhéiseach a bheith ag gníomhaireachtaí ábhartha uile an Aontais chun na modheolaíochtaí sin a fhorbairt sna réimsí a thagann faoina sainorduithe faoi seach agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir na n-oibleagáidí céanna chun dul i gcomhar le chéile chun na modheolaíochtaí sin a fhorbairt.

(6) Chun comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht na measúnuithe a bhaineann le ceimiceáin dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais a áirithiú, is den tábhacht é freisin sonraí a bheith idir-inoibritheach agus an malartú sonraí idir gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais a bheith éasca, chomh maith le comhar maidir leis an bhforbairt ar fhormáidí caighdeánacha agus ar fhoclóirí rialaithe a spreagadh. Dá bhrí sin, chun malartú sonraí idir gníomhaireachtaí a éascú, ba cheart aon fhormáid sonraí nua a fhorbraíonn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) nó an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) a bhunú i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais a bhíonn ag obair ar cheimiceáin. Chuige sin, ba cheart forálacha ábhartha nua a mholadh i Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009[4] agus (CE) Uimh. 178/2002[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ba cheart na forálacha atá ann cheana a neartú. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar fhorálacha comhchosúla sa rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, chun a áirithiú go bhfuil na forálacha maidir le comhar i measc Ghníomhaireachtaí ábhartha uile an Aontais comhsheasmhach.

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (IO L 126, 21.5.2009, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/401/oj).

5 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

(7) Chun comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht measúnuithe a bhaineann le ceimiceáin dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais a chur chun cinn, ba cheart do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais bearta a dhéanamh chun tuairimí eolaíocha atá éagsúil a sheachaint. ***Mar thoradh*** ar chásanna de thuairimí eolaíocha atá éagsúil, tá méadú tagtha ar an éiginnteacht d'oibreoirí, chomh maith le laghdú ar mhuinín an phobail as stóinseacht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta eolaíche. Mar chuid den athbhreithniú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais, rinneadh tograí chun aghaidh a thabhairt ar nósanna imeachta chun éagsúlachtaí sa tuairim eolaíoch atá idir an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus comhlachtaí eolaíocha eile a réiteach agus chun na nósanna imeachta sin a neartú. D'fhéadfaí an togra maidir le forálacha comhchosúla a bheith sa Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bhreithniú freisin, chun a áirithiú go bhfuil forálacha maidir le tuairimí eolaíocha atá éagsúil idir Gníomhaireachtaí ábhartha uile an Aontais comhsheasmhach. Ní bheadh gá le haon fhoráil bhreise den sórt sin a mhéid a bhaineann le EEA, ós rud é nach n-eisíonn EEA tuairimí eolaíocha ar cheimiceáin aonair.

(8) Is é is aidhm don Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir tuairimí eolaíocha arna dtabhairt ag EFSA agus na tuairimí sin arna dtabhairt ag comhlachtaí eile de chuid an Aontais***, lena gcuirtear san áireamh an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a áirithiú, lena n-áirítear cosaint grúpaí leochaileacha***. Foráiltear cheana féin le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 do nósanna imeachta trínar féidir ***éagsúlachtaí atá idir*** tuairimí eolaíocha a réiteach. Ba cheart na nósanna imeachta sin a neartú. Ba cheart a cheangal ar EFSA agus ar an gcomhlacht eile lena mbaineann a seacht ndícheall a dhéanamh chun aon éagsúlachtaí idir tuairime eolaíocha nó maidir le saincheisteanna eolaíocha a réiteach. Níor cheart dóibh a bheith in ann an t-ábhar a tharchur chuig bainisteoirí riosca ach amháin i gcás nach féidir leo an éagsúlacht tuairime a réiteach astu féin. ***Ina theannta sin, agus an t-ábhar á tharchur chuig bainisteoirí riosca, ba cheart dóibh na cúiseanna is bun leis an éagsúlacht a thabhairt, lena n-áirítear aon difríochtaí modheolaíocha.***

(9) Sa chás sonrach ina bhfuil éagsúlacht sa tuairim eolaíoch a bhaineann le sainaithint guaise substaintí ceimiceacha, ba cheart nós imeachta nua lena gcumasaítear réiteach na héagsúlachta tuairime a bhunú. Faoin nós imeachta sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, mar an ghníomhaireacht is fearr de chuid an Aontais a bhfuil saineolas agus acmhainneacht aici maidir le measúnú guaise, agus ag a bhfuil go leor taithí ar an bpróiseas comhchuibhithe aicmithe agus lipéadaithe, togra maidir le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe a fhorbairt, i gcomhréir ***le*** Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Céim níos gaire a bheadh sa mhéid sin don fhís 'substaint amháin, measúnú amháin' a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht na measúnuithe guaise ar cheimiceáin ar fud an Aontais***, lena bhfeabhsófaí an chosaint ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol***. Ba cheart an fhéidearthacht sin a ionchorprú san fhoráil maidir le tuairimí eolaíocha atá éagsúil a réiteach i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

---

**6** Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

(10) Chun an oibleagáid a leagtar síos i Roinn 10.4.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a chomhlíonadh, thug an Coimisiún sainordú don Choiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn (CERSCRTCC) chun go n-ullmhófaí treoirlínte maidir leis an measúnú tairbhe-riosca ar láithreacht taláití a aicmítear mar thaláití atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, nó a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh acu a bhfuil fianaise eolaíoch ann ina leith gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. D'eisigh CERSCRTCC na treoirlínte sin in 2019 agus thug an Coimisiún sainordú do CERSCRTCC an chéad nuashonrú ar na treoirlínte sin a dhéanamh.

(11) Chun an oibleagáid a leagtar síos i Roinn 10.4.4. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún sainordú a thabhairt don choiste eolaíoch ábhartha chun treoirlínte a ullmhú i gcomhair substaintí nach taláití iad agus a aicmítear mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, nó a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh acu a bhfuil fianaise eolaíoch ann ina leith gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

---

7 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/745/oj).

8 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

(12) Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán comhairle eolaíoch cheana féin maidir le substaintí ceimiceacha, lena n-áirítear maidir le taláití, suaiteoirí inchríneacha agus carcanaiginí, só-ghineacha agus tocsainí atáirgeacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Is féidir roinnt de phríomhacmhainneachtaí na gníomhaireachta a athúsáid, lena n-áirítear acmhainneachtaí measúnúcháin guaise, riosca, nochta agus shocheacnamaíoch, an fhorbairt ar thuairim an Choiste agus cumais TF an Choiste chun dul i mbun comhairliúchán le geallsealbhóirí agus ábhar a scaipeadh. Chun nuashonruithe tráthúla amach anseo ar láithreacht taláití a chumasú agus chun a áirithiú go bhforbróidh an ghníomhaireacht iomchuí den Aontas treoirlínte nua maidir le substaintí eile ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí, ba cheart forbairt na dtreoirlínte sin a shannadh don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. ***Chun na treoirlínte a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ról a thabhairt do na saineolaithe ábhartha i réimse na bhfeistí leighis.***

(13) I bhfianaise na n-aicmí guaise nua agus na gcritéar nua maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún[9], ba cheart tagairt do shuaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine, de Chatagóir 1, a dhéanamh i Roinn 10.4.1., pointe (b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 i bhfianaise ábharthacht na haicme guaise sin i leith na gcineálacha substaintí atá i bhfeistí leighis.

(14) Chun an úsáid is fearr a bhaint as eolas na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán agus as an saineolas a fuarthas trína rannpháirtíocht sna próisis ainmniúcháin agus mheasúnúcháin faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (Coinbhinsiún Stócólm), ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, arna iarraidh sin, cúnamh a thabhairt don Choimisiún a oibleagáid i leith leasú a dhéanamh ar hIarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] a chomhlíonadh. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann saineolaithe a ainmniú chun fónamh ar mheithleacha an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch chun a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht agus na hacmhainní is gá ag an gcoiste sin chun go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach agus chun a thuairim a thabhairt nuair is gá. Chun feidhmiú an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch a éascú, nuair a cheapann an Coiste duine dá chomhaltaí mar rapóirtéir, ba cheart luach saothair a thabhairt don duine sin, nó d'fhostóir an duine sin.

---

9 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmí guaise agus critéir maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 93, 31.3.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/707/oj).

10 Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj).

***(15) Leis an leasú ar Rialachán (AE) 2019/1021 a thugtar isteach leis an Rialachán seo, leathnaítear cúraimí, ualach oibre agus sainchúram choistí eolaíocha na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, go háirithe an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch. Chun saineolas agus tacaíocht leormhaith, meastóireachtaí eolaíocha críochnúla agus acmhainní iomchuí cobhsaí a sholáthar, ba cheart acmhainneacht agus rialachas na gcoistí eolaíocha a áirithiú. Chun na críche sin, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí Rialachán (AE) 2019/1021 a oiriúnú chun aon athbhreithniú amach anseo ar na forálacha lena rialaítear feidhmiú choistí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán a léiriú. I bhfianaise an athbhreithnithe sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh an gá Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú.***

(16) Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith Iarscríbhinní IV agus V a leasú chun iad a oiriúnú do na hathruithe ar an liosta substaintí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm nó leis an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha nó iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(17) Mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2019/1021, tá sé de dhualgas ar na Ballstáit faisnéis faoi láithreacht substaintí sa chomhshaol a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a thuairisciú don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. Moltar an tArdán Faisnéise maidir le Faireachán ar Cheimiceáin (IPCHEM) a úsáid mar bhealach do na Ballstáit chun comhlíonadh a dhéanamh ar a n-oibleagáidí i leith na sonraí sin maidir le teagmhais cheimiceacha a thuairisciú agus chun a n-oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú agus a laghdú. I gcás ina gcuireann na Ballstáit sonraí ar fáil trí IPCHEM, ní gá dóibh na sonraí sin a thuairisciú don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a thuilleadh, toisc go mbeidh an ghníomhaireacht in ann iad a aisghabháil ón ardán.

(18) Leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], ceanglaítear ar na Ballstáit na sonraí uile maidir le teagmhais cheimiceacha in uisce agus maidir le faireachán a dhéanamh ar theagmhais cheimiceacha den sórt sin a chomhroinnt le EEA. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na Ballstáit cheana féin sonraí faireacháin maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (POPanna) a bheith san aer a thuairisciú do EEA faoi reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíocht an aeir. Le Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12+], ceanglaítear ar EEA na sonraí uile maidir le teagmhais cheimiceacha a choinneáil. Dá réir sin, tá EEA le haon sonraí maidir le teagmhais cheimiceacha arna soláthar don Choimisiún in IPCHEM agus atá i seilbh an Choimisiúin in IPCHEM a bhailiú agus a choinneáil. Is gá, dá bhrí sin, na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar Bhallstáit a shimpliú chun a áirithiú, i gcás inar cuireadh faisnéis faoi bhráid EEA go deonach cheana féin nó de bhun oibleagáidí faoi phíosaí eile de reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, gur cheart a mheas gur chomhlíon na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2019/1021.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

11 Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/2184/oj).

12 Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán (IO ..., ELI: …).

+ OJ: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE xx/24 (2023/0453(COD)) agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 mar a leanas:

(1) in Airteagal 23, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(m) dul i gcomhar leis na comhlachtaí inniúla sna Ballstáit a dhéanann cúraimí atá cosúil le cúraimí sin an Údaráis agus dul i gcomhar le comhlachtaí eolaíocha eile a bhunaítear faoi dhlí an Aontais, go háirithe an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, maidir le tuairimí eolaíocha ábhartha a sholáthar, maidir le sonraí agus faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear bunú ionchasach formáidí sonraí gaolmhara agus foclóirí rialaithe chun an malartú sin a éascú, agus maidir leis an bhforbairt ar mhodheolaíochtaí eolaíocha chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin.';

***(2) in Airteagal 27(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):***

'***(b) sna himthosca sin a shainaithnítear in Airteagal 30(2), i gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar an Údarás agus ar chomhlacht náisiúnta comhoibriú;***';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

‘Airteagal 30

Tuairimí eolaíocha atá éagsúil

1. Déanfaidh an tÚdarás na bearta is gá agus is iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar aon fhoinse ionchasach éagsúlachta atá idir a thuairimí eolaíocha agus na tuairimí eolaíocha arna n-eisiúint ag comhlachtaí eile a dhéanann cúraimí comhchosúla agus chun an fhoinse sin a shainaithint ag céim luath.

2. I gcás ina sainaithneoidh an tÚdarás foinse ionchasach éagsúlachta maidir le saincheisteanna eolaíocha nó tuairimí eolaíocha, amhail dá dtagraítear i mír 1, rachaidh sé i dteagmháil leis an gcomhlacht eile chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil ábhartha uile agus chun saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d’fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint.

   Oibreoidh an tÚdarás agus an comhlacht eile i gcomhar le chéile chun aon éagsúlacht a réiteach***, lena gcuirfear san áireamh an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol.*** Mura bhfuil an tÚdarás agus an comhlacht eile in ann an éagsúlacht a réiteach, déanfaidh siad tuarascáil chomhpháirteach a tharraingt suas. Leagfar amach go soiléir sa tuarascáil na saincheisteanna conspóideacha eolaíocha nó teicniúla***,*** sainaithneofar aon éiginnteachtaí ábhartha sna sonraí ***agus tabharfar na bunchúiseanna leis an éagsúlacht tuairime, lena n-áirítear cúiseanna a bhaineann le difríochtaí modheolaíocha. Déanfar an tuarascáil*** a chur ar fáil go poiblí.

   I gcás inar gníomhaireacht de chuid an Aontais nó coiste eolaíochta é an comhlacht eile, cuirfidh an tÚdarás an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin freisin.

3. I gcás inarb ábhartha, agus i gcás ina mbaineann an éagsúlacht le tuairimí eolaíocha an Údaráis atá contrártha le tuairimí eolaíocha comhlachta eile de chuid an Aontais i dtaobh an gcomhlíonann substaint na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán togra a ullmhú maidir le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí

agus, i gcás inarb iomchuí, sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí nó meastachán géarthocsaineachta, nó togra a ullmhí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an aicmiú agus an lipéadú sin, agus, i gcás inarb iomchuí, ar na teorainneacha, ar na tosca nó ar na meastacháin sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Oibreoidh an tÚdarás agus an comhlacht eile de chuid an Aontais i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chun an togra sin a ullmhú.

---

* Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 401/2009

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(p) chun modheolaíochtaí measúnúcháin a bhaineann le ceimiceáin a fhorbairt sna réimsí a thagann faoina sainordú.’;

(2) ***leasaítear*** Airteagal 15 ▌ ***mar a leanas***:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘***1***. Déanfaidh an Ghníomhaireacht ***comhar a lorg go gníomhach ón gCoimisiún,*** ó chomhlachtaí ***agus*** ó ***chláir*** eile de chuid an ***Aontais,*** go háirithe ***an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat),*** an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ▌, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach ***agus cláir taighde agus*** forbartha ***comhshaoil an Aontais.***

***Áireofar go háirithe sa chomhar leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde na cúraimí a leagtar amach i gCuid A*** d’Iarscríbhinn ***I.***

***Déanfar comhordú le Eurostat agus le clár staidrimh an Aontais go háirithe de réir na dtreoirlínte a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn I.***

***Beidh an comhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach bainteach le malartú sonraí agus faisnéise maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear an fhéidearthacht formáidí sonraí gaolmhara agus foclóirí rialaithe a bhunú malartú den sórt sin a éascú, agus leis an bhforbairt ar mhodheolaíochtaí eolaíocha chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin.’;***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:***:***

***‘4. Leis an gcomhar dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, cuirfear i gcuntas, inter alia, an gá atá le comhleanúnachas agus sineirgí a fheabhsú agus chun aon dúbláil iarrachta a sheachaint.***’.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/745

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 mar a leanas:

(1) i Roinn 10.4.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) substaintí a ***aicmítear*** mar shuaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine, de Chatagóir 1, i gcomhréir le Cuid 3 d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*] agus substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh a bhfuil fianaise eolaíoch ann ina leith gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**] nó substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh atá ábhartha do shláinte an duine a shainaithnítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[***].

---

* Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

** Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

*** Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj).’;

(2) i Roinn 10.4.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) i gcás inarb infheidhme agus iad a bheith ar fáil, na treoirlínte ábhartha is déanaí i gcomhréir le Roinn 10.4.3. agus Roinn 10.4.4.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 10.4.3:

‘10.4.3. Treoirlínte maidir le taláití

Nuair a mheasfar é a bheith iomchuí bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, ach gach 5 bliana ar a laghad, iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) treoirlínte a ullmhú maidir leis an measúnú tairbhe-riosca ar láithreacht taláití a bhaineann le ceachtar de na grúpaí substaintí dá dtagraítear i Roinn 10.4.1., pointí (a) agus (b) agus iad a thabhairt cothrom le dáta. Breithneofar sa mheasúnú tairbhe-riosca an chríoch agus an comhthéacs atá beartaithe d’úsáid na feiste, chomh maith le haon substaintí malartacha agus ábhair mhalartacha, dearaí malartacha nó cóireálacha malartacha leighis atá ar fáil.

Nuair is iomchuí nó arna iarraidh sin don Choimisiún, rachaidh ECHA i gcomhairle leis an gCoiste um Measúnú Riosca agus leis an gCoiste um Anailís Shocheacnamaíoch.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 10.4.4.:

‘10.4.4. Treoirlínte maidir le substaintí eile CMR agus maidir le substaintí eile suaiteora inchrínigh

I dteannta na dtreoirlínte dá dtagraítear i Roinn 10.4.3., iarrfaidh an Coimisiún ar ECHA treoirlínte den sórt sin le haghaidh substaintí eile dá dtagraítear i Roinn 10.4.1., pointí (a) agus (b), a ullmhú i gcás inarb iomchuí. Ullmhófar treoirlínte den sórt sin i gcomhréir leis an bpróiseas a thuairiscítear i Roinn 10.4.3. ▌’.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1021

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(i) arna iarraidh sin don Choimisiún, tuarascáil a tharraingt suas agus a ***thíolacadh*** laistigh de 12 mhí ón iarraidh a fháil maidir leis na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus na tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann le teorainnluachanna tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV nó V a thabhairt isteach nó a leasú.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, pointe (i):

(a) ▌ faisnéis faoi na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a bhíonn ag dramhaíl atá comhdhéanta de POPanna, ina bhfuil POPanna nó atá éillithe le POPanna, lena n-áirítear tionchair ar bhainistiú dramhaíola;

(b) faisnéis faoi thiúchain agus sreafaí maise POPanna i sruthanna ábhartha dramhaíola agus faisnéis faoi acmhainneachtaí cóireála dramhaíola agus acmhainneachtaí cóireála;

(c) anailís ar thionchair na dteorainnluachanna tiúchana éagsúla a bhreithnítear agus an tuarascáil á tarraingt suas;

(d) togra réasúnaithe maidir le teorainnluachanna tiúchana atá le thabhairt isteach in Iarscríbhinn IV agus, de réir mar is iomchuí, in Iarscríbhinn V.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe a gheobhaidh sí an iarraidh dá dtagraítear i ***mír 1***, pointe (i), fógra a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil maidir le leasú féideartha ar Iarscríbhinn IV nó V. Iarrfar leis an bhfógra freisin ar na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear oibreoirí dramhaíola agus úsáideoirí ábhar athchúrsáilte, barúlacha a thíolacadh laistigh de 8 seachtaine. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha sin ar a suíomh gréasáin.

9 mí ar a dhéanaí tar éis thíolacadh ***na*** tuarascála ***dá dtagraítear i mír 1, pointe (i)***, den Airteagal seo, déanfaidh Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, arna chur ar bun de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tuairim a ghlacadh maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na teorainnluachanna tiúchana a mholtar inti. Chun na críche sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 87 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

Ansin, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil agus tuairim an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch maidir leis na teorainnluachanna tiúchana a chur faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina gcomhroinnfidh Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), léireoidh an Ballstát sin é sin sa tuarascáil agus, trí dhéanamh amhlaidh, measfar go bhfuil a oibleagáidí tuairiscithe faoin bpointe sin comhlíonta ag an mBallstát.

I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), i dtuarascáil Ballstáit a soláthraíodh don Ghníomhaireacht, déanfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis a tharchur chuig EEA chun an fhaisnéis sin a thiomsú, a stóráil agus a chomhroinnt*'*;

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, ***chun*** Iarscríbhinní IV agus V a leasú chun iad a oiriúnú do na hathruithe ar liosta na substaintí a leagtar amach in ▌ Iarscríbhinní ***I, II nó III nó chun iontrálacha atá ann cheana in Iarscríbhinní IV agus V a mhodhnú*** chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil***, lena n-áirítear forbairtí i dteicneolaíochtaí cóireála dramhaíola agus dí-éillithe nó faisnéis eolaíoch nua maidir leis na tionchair ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol a bhaineann le láithreacht substainte i ndramhaíl***.’;

(4) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 2:

‘Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3), Airteagal 10(2) agus Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón ... ***[dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh leasaithigh seo]***.’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 3:

‘Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(3), Airteagal 10(2) agus Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3), Airteagal 10(2) nó Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. ***Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle***.';

***(5) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:***

***'Airteagal 21b***
***Athbhreithniú***

***Agus aird chuí á tabhairt ar aon fhorbairtí rialála a bhaineann le stádas na n-acmhainní agus le rialachas choistí eolaíocha na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an staid maidir le cúraimí, ualach oibre agus sainchúram na gcoistí eolaíocha, agus déanfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú dá réir.'***;

***(6)*** ***leasaítear Iarscríbhinn IV, tábla 1, mar a leanas:***

(a) ***i ró 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs atá sa cheathrú colún:***

‘1 500 mg/kg

***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú ▌.’;

***(b)*** ***i ró 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs atá sa cheathrú colún:***

‘5 µg/kg ([2])

***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú ▌.’;

***(c) i ró 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs atá sa cheathrú colún:***

‘500 mg/kg

***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú go luach nach airde ná 200 mg/kg ▌.’;

***(d) i ró 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs atá sa cheathrú colún:***

‘1 mg/kg
(ASFO agus a shalainn),
40 mg/kg
(suim na gcomhdhúl ASFO-gaolmhar)
***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú ▌.’;

***(e) i ró 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs atá sa cheathrú colún:***

‘1 mg/kg
(PFHxS agus a shalainn),

‘1 mg/kg
(suim na gcomhdhúl PFHxS-gaolmhar)
***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú ▌.’;

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |